



A Chairde go léir,

Thar ceann Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO, is cúis mhór áthais dom fáilte ollmhór a chur romhaibh chuig Comhdháil na bliana seo. Is Comhdháil stairiúil é seo toisc gur comh-chomhdháil é eadrainn agus ár gcairde agus comhghleacaithe in Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo. Tá sé thar a bheith oiriúnach freisin go bhfuilimid anseo i nGaillimh agus cuid den chathair suite sa Ghaeltacht féin. Tá sé go hiontach a bheith ar ais, cois Coirbe, i gCathair na Treabh.

Tá súil agam gurb é seo tús le haistear fada comhoibritheach idir an dá eagraíocht a mhairfidh ar feadh i bhfad.

Tá téama na Comhdhála, Féinmheastóireacht, Forbairt, Feabhas thar a bheith ábhartha inár scoileanna faoi láthair, leis an gCiorclán ar Fhéinmheastóireacht Scoile díreach foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá súil agam go dtabharfaidh gach uile dhuine againn smaoinemh nua, ábhar machnaimh nó tuairim éagsúil ar ais linn go dtí ár scoileanna tar éis ceardlainne, cuir i láthair nó comhrá thar chupán caife.

Is iad na rannpháirtithe, na haíonna agus ár gcairde uile a dhéanann gach comhdháil taitneamhach, tairbheach agus speisialta. Tá súil agam go mbeidh an Chomhdháil seo ar an gceann is fearr go dtí seo agus go mbeimid go léir ar ais, i dteannta a chéile an t-am seo an bhliain seo chugainn.

Máirín Ní Chéileachair
Uachtarán GAELSCOILEANNA TEO.



Thar cheann Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo, tá áthas orm fáilte agus fiche a chur romhaibh chuig an ócáid stairiúil seo, an chomh-chomhdháil oideachais idir Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo agus Gaelscoileanna Teo.

Maidir leis an gcomhdháil, chinn an dá eagraíocht a n-acmhainní a chur le chéile chun deis a thabhairt do gach scoil Ghaeltachta agus Gaelscoil ar fud na tíre teacht le chéile chun aithne a chur ar a chéile, foghlaim óna chéile agus eolas a mhalartú.

Is é téama na comhdhála ná - 'Féinmheastóireacht, Forbairt, Feabhas' téama atá an-tráthúil do scoileanna i mbliana. Tá clár na bliana seo thar a bheith spéisiúil agus spreagúil agus beidh go leor ábhair idir lámha ar an lá a dhéileálfadh le mórcheisteanna an oideachais Gaeltachta agus an Ghaeloideachais.

Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh agus buntáiste as an gcomhdháil. agus go ndéanfaidh sibh an ócáid stairiúil seo a cheiliúradh inár dteannta ag an dinnéar.

Mairéad Ní Chualáin
Cathaoirleach ESG Teo

Tá áthas ar GILL & MACMILLAN PRIMARY urraíocht a chur ar fáil do Comhdháil Oideachais GAELSCOILEANNA TEO. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo.



FIREWORKS is ainm don chlár nua Béarla a nascann acmhainní clóite agus digiteacha in aon phacáiste amháin. Oiriúnach do bhunscoileanna, tá sé foilsithe ag Gill & Macmillan Primary.

- ★ Rogha iontach scéalta agus téacsanna ard-spéise le suim gach dalta a mhúscailt
- ★ Áiseanna digiteacha agus fuaime nuálacha don seomra ranga
- ★ Clár struchtúrtha, pleanáilte go cúramach le freastal ar riachtanais uile an churaclaim
- ★ Sábháil airgid suntasach ar an liosta leabhair!

AR MHAITH LEAT

- ✓ Cur i láthair ar **FIREWORKS** i do scoil?
 - ✓ Léiriú ar bhogearra **FIREWORKS** don clár bán idirghníomhach?
- Déan teagmháil le Claire agus a foireann ar (086) 020 9413

www.fireworksenglish.ie

Tabhair cuairt ar ár seastán le tuilleadh eolais a fháil maidir le **FIREWORKS** agus na hacmhainní nua Gaeilge a bheidh ar fáil uainn go luath i 2013!



Gill & Macmillan, Hume Avenue, Park West, Dublin 12 T: (01) 500 9555 F: (01) 500 9599 E: sales@gillmacmillan.ie W: www.gillmacmillan.ie

Féinmheastóireacht, Forbairt, Feabhas



Comhdháil Oideachais

GAELSCOILEANNA TEO & Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo

23 Samhain 2012, Óstán an Ardilaun, Gaillimh

www.gaelSCOILEANNA.ie

Gaelscoileanna

ess

EAGRAÍOCHT NA SCOILEANNA GAELTACHTA TEO



Comhdháil Oideachais

23 Samhain 2012, Óstán Ardilaun, Gaillimh
Féinmheastóireacht, Forbairt, Feabhas

Clár na Comhdhála 2012

9.00-9.30 Clárú
Fáiltiú an Óstáin

9.30-10.00 Oscailt agus Fáiltiú ó na hUachtaráin/ Cathaoirligh, & Seán Ó Foghlú,
Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna.
Seomra: Connacht

Seisiún 1 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

Léacht na Comhdhála

10.00-11.30 **Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna –**
Peirspictíocht na planála teanga i gcur i bhfeidhm na straitéise litearthachta agus uimhearthachta sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Dr Muiris Ó Laoire, Léachtóir Sinsearach, Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí.
Seomra: Connacht

11.30-12.00 Tae/ caife/ seastáin (Seomra Glenarde & Fáiltiú an Óstáin)

Seisiún 2 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

Ceardlanna

12.00-13.30 **Iar-bhunscoileanna –**
Straitéisí éifeachtacha don idirbhliain – béim ar úsáid Teastas Eorpach na Gaeilge i gcur chun cinn na Gaeilge.
Siúan Ní Mhaonaigh, Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.
Seomra: Tetrarch

Bunscoileanna –
Múineadh na gramadaí sna hardranganna sna bunscoileanna Gaeltachta/ lán-Ghaeilge: Cur chuige rathúil taitneamhach Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig & Aisling Ní Dhiorbháin, Scoil Naithí.
Seomra: Connacht

Bunscoileanna –

Cur i bhfeidhm polasaí Gaeilge sa scoil Ghaeltachta agus sa scoil lán-Ghaeilge.
Niamh Ní Mhaoláin, Príomhoide Gaelscoil na Dúglaise & údar 'Ár bPolasaí Gaeilge'; Mairéad Ní Chualáin, Scoil Náisiúnta Leitir Mealláin & Anna Ní Chartúir,
Scoil Náisiúnta Leitir Mucú
Seomra: Aran

13.30-14.30 Lón (Bialann)

Seisiún 3 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

Ceardlanna

14.30-15.45 **Iar-bhunscoileanna –**
Athraithe ag teacht i bhfeidhm ar an Teastas Shóisearaigh.
Rueben Ó Conluain, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe;
Seomra: Cill Rónáin

Bunscoileanna –

Pleanáil iomlán scoile don tumoideachais sa scoil Gaeltachta/ lán-Ghaeilge.
Pól Ó Ruiséil, Scoil Náisiúnta Oilibhéar Pluincéid Naofa, Rann na Feirisde; Gabriel Ó Cathasaigh, Gaelscoil Sheáin Uí Ríordáin
Seomra: Aran

Bunscoileanna –

Teagasc agus Foghlaim na matamaitice sna scoileanna lán-Ghaeilge/ Gaeltachta.
Majella Mhic Cionnaith, An tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam (CASS i dTuaisceart Éireann)
Seomra: Tetrarch

Bunscoileanna –

Cur chun cinn Aistear sa chóras tumoideachais.
Sibéal Breathnach, Gaelscoil Chill Dara
Seomra: Ballycurran

15.45-16.15 Tae/ caife/ seastáin (Seomra Glenarde & Fáiltiú an Óstáin)

Seisiún 4 – Grúpaí sainspéise

Ceardlanna

16.15-17.30 **Iar-bhunscoileanna & bunscoileanna –**
Féinmheastóireacht agus plan forbartha scoile sa scoil lán-Ghaeilge/ Gaeltachta.

Marina Ní Threasaigh, cigire bunscoile & Eibhlín Ní Scannláin, cigire le Gaeilge
Seomra: Connacht

Na hAonaid Iar-bhunscoile – Cruinniú na nAonad lán-Ghaeilge.
Seomra: Cill Rónáin

Iar-bhunscoileanna & Bunscoileanna –

Forbairt moltaí ar scoilphobail a chur chun cinn sa scoil lán-Ghaeilge/ Gaeltachta.
Mait Ó Brádaigh, Príomhoide, Gaelscoil de hÍde, Uarán Mór
Seomra: Ballycurren

Bunscoileanna –

An t-aistriú ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge – taitní scoileanna agus naíonraí a bhí páirteach i scéim píolótach An Traein.
Fiona Nic Fhionnlaoich, Coláiste Froebel & feidhmeannach na scéime; Laura Ní Dhuibh, Múinteoir naíonáin, Gaelscoil Uí Fhiaich; Ciara Watson, Stiúrthóir Naíonra Phádraig.
Seomra: Tetrarch

Bunscoileanna –

An litearthacht sa teagasc agus san fhoghlaim.
Ionadaí ón Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.
Seomra: Aran

17.30-18.30 Cruinniú Cinn Bliana Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo.
Seomra: Tetrarch

Cruinniú Cinn Bliana Gaelscoileanna Teo.
Seomra: Aran

20.00 Fáiltiú fíona (fáiltiú an Óstáin)

20.15 Dinnéar na Comhdhála
Taispeántas ó Bhuaiteoirí Scléip – Kym Gartry, Coláiste de hÍde, Tamhlacht & Sinéad Toomey, Gaelcholáiste Luimnigh.
Céilí (fear a'tí: Diarmaid Ua Bruadair, Coláiste Feirste)
Seomra: Connacht